Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14665/23**
**ADD 1**

**TRANS 446**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 687 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 5ú seisiún de Choiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 687 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2023) 687 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2023
COM(2023) 687 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 5ú seisiún de Choiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta**

## IARSCRÍBHINN

### 1. RÉAMHRÁ

Is an 7-9 Samhain 2023 a bheidh an 5ú seisiún den Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF). Tá doiciméid na gcruinnithe le fáil ar shuíomh gréasáin OTIF ag an nasc seo a leanas: http://extranet.otif.org/jur/?page_id=6227

### 2. INNIÚLACHT AN AONTAIS EORPAIGH

Is páirtí conarthach é an tAontas Eorpach i gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF). I gcás míreanna chlár oibre an chruinnithe sin, míreanna a mheastar aghaidh a thabhairt ar ábhair a thagann faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais, ba cheart pointe 3.1 na 'socruithe inmheánacha' (Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh 2013/103/EU ón gComhairle) a leanúint. Maidir le míreanna ina bhfuil gnéithe faoi chuimsiú an náisiúin agus an Aontais araon, ba cheart pointe 3.3 na 'socruithe inmheánacha' a leanúint. Maidir le míreanna 3, 4, 8 agus 9, labhróidh an Coimisiún thar ceann an Aontais agus vótálfaidh sé thar a cheann. Maidir le míreanna 6, 7, agus 10, labhróidh an Coimisiún agus an Uachtaránacht, agus vótálfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais.

### 3. NÓTAÍ TRÁCHTA AR MHÍREANNA AN CHLÁIR OIBRE

Mír 3 ar an gclár oibre - feidhmiú an CUI UR ar shaoráidí seirbhísí

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23108-JUR 5/3; LAW-23109-JUR 5/3; LAW-23085-JUR 5 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le glacadh an tuairim dhlíthiúil chomhairleach maidir le léiriú an CUI UR mar a leagtar amach in LAW-23109-JUR 5/3.<br>Meabhraigh gurb iad cúirteanna an Aontais amháin atá in ann dlí an Aontais a léiriú go húdarásach. |

Mír 4 ar an gclár oibre - digitiú iompar idirnáisiúnta, go háirithe doiciméid iompar lasta

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23102-JUR 5/4; LAW-23024-JUR 4/9; LAW-22084-JUR 3/9-Corr.1; LAW-22031-JUR 2/11 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tabhair faoi deara an páipéar tionscanta a d'ullmhaigh an Rúnaíocht (LAW-23024-JUR 4/9); Cuimhnigh gur leordhóthanach iad na forálacha Rialacha Comhionanna maidir leis an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród (CIM UR) atá ann cheana le haghaidh iompar gan pháipéar agus dá bhrí sin, níl práinn ann COTIF a leasú. Iarr ar an Rúnaíocht páipéar leathoifigiúil anailíseach a ullmhú don 6ú seisiún, páipéar a chuirfidh modhnuithe féideartha ar na CIM UR i láthair d'fhonn glacadh nóta coinsíneachta CIM a éascú. |

Mír 6 ar an gclár oibre - Forbairt straitéis fhadtéarmach le haghaidh OTIF

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23115-JUR 5/6; LAW-23116-JUR 5/6 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú cearta vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Fáilte a chur roimh aighneacht an Ard-Rúnaí, is é sin leagan athbhreithnithe, comhdhlúite an dhréachtdhoiciméad aonstraitéiseach. Tacú leis an ndréacht-struchtúr agus bunábhar an straitéis fhadtéarmaigh trí chéile, faoi réir na nótaí tráchta seo a leanas: maidir le sprioc straitéiseach 1, bheadh sé úsáideach imlíne a dhéanamh ar thograí nithiúla cineálacha, e.g. eagrú ceardlanna réigiúnacha chun feidhmiú agus glacadh na bhfoscríbhinní COTIF ar fad a chur chun cinn i measc Ballstáit OTIF; maidir le sprioc straitéiseach 4, bheadh sé úsáideach imlíne a dhéanamh ar thograí nithiúla cineálacha a bhaineann le ról ceannasach OTIF in iompar d'iarnród idirnáisiúnta a fheabhsú; maidir le sprioc straitéiseach 5, ba cheart don insint tagairt a dhéanamh do chomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) agus paragraf a chur leis faoi Phrótacal Lucsamburg (a ghabhann le Coinbhinsiún Cape Town) agus ról OTIF tacú lena chur chun feidhme. |

Mír 7 ar an gclár oibre - Fionraí agus foirceannadh COTIF agus/nó ballraíocht OTIF maidir le Ballstát ar leith

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23103-JUR 5/7; LAW-23086-JUR 5; LAW-22082-JUR 3/5 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú cearta vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Maidir leis an togra le haghaidh cinneadh faoin mír seo, tacaíonn an tAontas go dtabharfar treoir do Rúnaíocht OTIF chun togra a ullmhú a dhéanfadh COTIF a mhodhnú, togra a chuirfeadh na heilimintí agus na treoirphrionsabail seo a leanas san áireamh:<br><br>*Ar cheart, mar riail ghinearálta, smachtbhannaí a fhorchur i gcás sárú rialacha OTIF má fhoráiltear dóibh go sonrach le COTIF, agus sa chás sin amháin?*<br><br>Taispeántar sa pháipéar tionscanta a d'ullmhaigh Rúnaíocht OTIF, go ginearálta, maidir le cinntí faoi smachtbhannaí ar Bhallstát eagraíocht idirnáisiúnta, go leanann na cinntí nósanna imeachta foirmiúla a fhoráiltear go sainráite sa choinbhinsiún ábhartha nó sa chomhaontú lena mbaineann. B'amhlaidh a bhí i gcás i gComhairle na hEorpa in 2022, áit a raibh na cinntí faoi Bhallstát a chur ar fionraí agus a eisiamh ón eagraíocht bunaithe ar shárú oibleagáidí a rinneadh laistigh de Chomhairle na hEorpa. Is é |

| | |
|---|---|
| | tuairim an Aontais, dá bhrí sin, gur cheart aon smachtbhanna ar shárú rialacha OTIF a chur i gcás go bhforáiltear go sainráite le COTIF lena aghaidh, agus sa chás sin amháin, rialacha agus nósanna imeachta éifeachtacha a shaineofar go soiléir san áireamh, a bhaineann le measúnú sháruithe féideartha agus le himthosca ábhartha agus le sainmhíniú an smachtbhanna is infheidhme.<br><br>*Ar cheart do COTIF smachtbhannaí a leagadh amach ar shárú dlí idirnáisiúnta nuair nach bhfuil sárú déanta ar a rialacha féin? Má dhéantar amhlaidh, céard iad na sáruithe féideartha ar cheart a bheith san áireamh?*<br><br>Is aidhm theicniúil í aidhm OTIF agus tá sí teoranta d'iompar d'iarnród idirnáisiúnta: Ní leagann COTIF aon aidhm ghinearálta ná uilíoch amach, mar shampla, síocháin idirnáisiúnta a chaomhnú nó smacht reachta a chur chun cinn. I bprionsabal, d'fhéadfaí forálacha a bheartú a leagadh síos in COTIF a theastódh comhlíonadh rialacha nó prionsabail atá in ionstraimí dlí idirnáisiúnta eile (e.g. Cairt na Náisiún Aontaithe nó conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine) nó i ndlí idirnáisiúnta an ghnáis, agus smachtbhannaí a sholáthar i COTIF freisin i leith shárú na rialacha nó na bprionsabal sin. Ní go hiondúil a fheictear a leithéid de chlásail, áfach, i gconarthaí a shuíonn eagraíochtaí teicniúla ar nós OTIF. Bheadh tionchar aige sin ar chineál teicniúil na heagraíochta. Is é tuairim an Aontais, dá bhrí sin, gur rud nuálaíoch é dá leagfadh amach smachtbhannaí ar shárú dhlí idirnáisiúnta ar bhonn ginearálta agus ba cheart aird a thabhairt agus mionanailís a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a theacht as cinneadh den sórt sin.<br><br>*Ar cheart do COTIF smachtbhannaí a leagadh amach i gcás sáruithe seachas neamhíoc ranníocaíochtaí? Má dhéantar amhlaidh, céard iad na sáruithe féideartha ar cheart a bheith san áireamh?*<br><br>Foráiltear le hAirteagal 1 §1 COTIF gurb é atá san eagraíocht 'OTIF' na páirtithe conarthacha. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go gcomhroinneann Ballstáit OTIF an fhreagracht - rud a eascraíonn as a mballraíocht in OTIF agus as a ndualgais faoi COTIF - aidhm OTIF (Airteagal 2 §1 COTIF) a bhaint amach; is é sin "*an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród, ar gach slí, a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú (...)*". I ndiaidh na réasúnaíochta sin, d'fhéadfadh sé go bhfuil sé beartaithe COTIF a leasú chun |

| | |
|---|---|
| | smachtbhannaí a shonrú i leith sáruithe forálacha COTIF ar leith seachas neamhíoc ranníocaíochtaí don bhuiséad, agus an méid seo a leanas san áireamh: (1) sáruithe ar rialacha OTIF a mbeadh mífheidhmiú féideartha nó iarbhír ar thrácht idirnáisiúnta d'iarnród a rialaítear le COTIF mar thoradh orthu agus/nó sáruithe ar rialacha OTIF a chuirfeadh srian suntasach le haidhm OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú.<br><br>Chun tuilleadh sonraí a thabhairt faoi seo, ba ghá: (a) Rialacha OTIF ar leith a shainaithint atá ábhartha i dtaca le aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach; (b) Rialacha OTIF ar leith a shainaithint, rialacha dá sháródh Ballstáit OTIF iad, gur dócha go gcuirfeadh sé isteach ar fheidhmiú cuí iompar d'iarnród idirnáisiúnta; (c) Rialacha OTIF ar leith a shainaithint, rialacha dá sháródh Ballstáit OTIF iad (cibé acu riail ar leith nó teaglamaí díobh sin), gur dócha go mbainfeadh sé bonn as sláine nó as feidhmiú OTIF; (d) Modheolaíocht a shainmhíniú chun a dhearbhú an bhféadfadh sárú de rialacha OTIF srian suntasach a chur le haidhm OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú.<br><br>D'fhéadfaí na cineálacha smachtbhannaí seo a leanas a bheartú maidir le sárú ar fhorálacha OTIF seachas neamhíoc ranníocaíochtaí: fionraí ceart vótála; fionraí ballraíochta; foirceannadh ballraíochta (eisiamh), le cur i bhfeidhm sa deireadh mura gcuirtear aon ghníomhartha ceartaitheacha iomchuí chun feidhme tar éis fionraí.<br><br>Ba cheart roinnt prionsabal trasearnálach a chur i bhfeidhm freisin: ní mór d'aon smachtbhannaí a leagtar amach a bheith éifeachtach, comhréireach, agus athchomhairleach; ba cheart cineálacha éagsúla smachtbhannaí a bheartú agus a chalabrú chun leibhéil éagsúla tromchúise an tsáraithe agus tosca géaraitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, rud a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm freisin mura gcuirfear aon ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí chun feidhme tar éis an smachtbhanna; ba cheart breithniú a dhéanamh ar ghnéithe nós imeachta, mar shampla, an ceart chun éisteacht a fháil, an ceart achomhairc, iarrataí ar ghníomhaíochtaí feabhais, athbhunú ceart agus athligean isteach Ballstát OTIF a díbríodh.<br><br>Molann an Ríocht Aontaithe (LAW-23086-JUR 5, pointe 5.2) bealach sonrach chun cinn trí imthosca a mheas a mbeadh tionchar |

| | |
|---|---|
| | acu ar fheidhmíocht OTIF agus atá nasctha le hiompraíochtaí éagsúla, mar shampla, gníomh cogaidh arna dhéanamh ag Ballstát OTIF amháin, rud a bhaineann an bonn go míréasúnta ó chumas Bhallstát OTIF eile a oibleagáidí faoi COTIF a chomhlíonadh, nó dá ndéanfadh Ballstát OTIF ionsaí ar bhonneagar iarnróid Ballstát eile, rud a bhaineann an bonn go míréasúnta ó chumas an Bhallstáit sin a oibleagáidí COTIF a chomhlíonadh.<br><br>Is díol sásaimh don Aontas i gcoitinne go bhféadfaí plé a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a thabhairt isteach i leith sáruithe seachas neamhíoc ranníocaíochtaí in OTIF. Ag an bpointe seo, áfach, ba cheart díriú sna hoibreacha ar thograí lena dtugtar aird chuí ar chineál teicniúil OTIF. Mholfadh sé féachaint an bhféadfaí forálacha a áireamh in COTIF lena n-iarrtar ar chomhaltaí sláine fhisiceach agus fheidhmiúil an bhonneagair iarnróid atá ag Ballstáit eile a urramú. D'fhéadfaí é sin a chur isteach, mar shampla, in Airteagal 5 de COTIF (Oibleagáidí speisialta na mBallstát). D'fhéadfaí smachtbhanna a ghearradh ar shárú na forála nua sin.<br><br>*Cén chomhlacht de chuid OTIF ar cheart a bheith freagrach as cinneadh a dhéanamh ar sáraíodh na rialacha ábhartha?*<br><br>Is é an Comhthionól Ginearálta ardchomhlacht cinnteoireachta OTIF agus ba cheart é a bheith freagrach go foirmiúil as cinneadh a dhéanamh ar sáraíodh rialacha ábhartha OTIF. Bunaithe ar bhunú institiúideach OTIF, is é ról an Ard-Rúnaí é scrúdú a dhéanamh ar aon sárú líomhnaithe ar rialacha OTIF. D'fhéadfadh comhairliúcháin le comhlachtaí OTIF eile a bheith i gceist leis sin agus saineolas seachtrach a éileamh d'fhonn na tograí is gá chun cinneadh a ullmhú, i gcás inarb iomchuí, lena mbreithniú ag an gComhthionól Ginearálta.<br><br>*Cén chomhlacht de chuid OTIF ar cheart dó cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, cearta a athbhunú agus Ballstáit a díbríodh a athligean isteach agus cén tromlach ba cheart a bheith acu?*<br><br>Is ardchomhlacht cinnteoireachta OTIF Comhthionól Ginearálta agus ba cheart dó a bheith freagrach go foirmiúil as cinneadh a dhéanamh ar sáraíodh rialacha OTIF ábhartha agus as cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, cearta a athbhunú agus Ballstáit a díbríodh a athligean isteach. I bhfianaise thábhacht agus thionchar chur i bhfeidhm na smachtbhannaí, is |

| | |
|---|---|
| | dócha go mbeadh tromlach cáilithe dhá thrian de Bhallstáit OTIF atá i láthair dá dtagraítear in Airteagal 14 §6 COTIF iomchuí sa chás seo.<br><br>*Ar cheart imthosca lena gcuirtear cosc ar éagóir gnímh a áireamh go sainráite in COTIF?*<br><br>Tá an tAontas Eorpach den tuairim gur cheart tuairisc neamh-uileghabhálach ar imthosca lena gcuirtear cosc ar éagóir gnímh a áireamh go sainráite in COTIF. Mar shampla, d'fhéadfadh clásal *force majeure* in COTIF coinníollacha soiléire a leagan amach nach mbeadh aon smacht ag Ballstát OTIF orthu, i gcomhréir le creat ginearálta fhreagracht na mBallstát as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta mar a forbraíodh i míreanna 24 go 35 de pháipéar tionscanta Rúnaíocht OTIF.<br><br>*I gcás díbeartha, ar cheart athligean isteach na mBallstát a díbríodh an nós imeachta céanna a bhaineann le comhaltaí nua a ligean isteach a leanúint nó ar cheart an nós imeachta a bheith difriúil? Ar cheart aon choinníoll sonrach a fhorchur?*<br><br>Bunaithe ar an toimhde gur fíor gur cuireadh smachtbhannaí chun feidhme, ar bhonn prionsabail, níor cheart athligean isteach Ballstáit a díbríodh a mheas agus a ghlacadh ach amháin faoi choinníollacha sonracha, agus in aon chás amháin má dhéantar an sárú ar rialacha OTIF ba chúis leis an smachtbhanna a cheartú go héifeachtach. Ba ghá coinníollacha maidir le smachtbhannaí a chúlghairm agus cearta ballraíochta a athbhunú a shainaithint agus a fhoirmliú go soiléir. |

Mír 8 ar an gclár oibre – Úsáid ríomhshínithe i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23104-JUR-5/8; LAW-23019-JUR 4/4 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | An fhaisnéis a thíolaic an Rúnaíocht (páipéar tionscanta) a thabhairt dá haire agus a mheabhrú go gcumhdaítear an t-ábhar, i gcás an Aontais, le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach; Tacú le dréachtmholadh a ullmhú, de rogha Rúnaíocht OTIF, maidir le síniú leictreonach a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit, lena bhreithniú agus lena ghlacadh ag an gcéad seisiún |

| | |
|---|---|
| | eile den Choiste *ad hoc*; Maidir le prionsabail ghinearálta, ba cheart leibhéal éagsúil taithí Bhallstáit OTIF le ríomhshínithe a mheas, agus dá bhrí sin is cosúil gurb iomchuí go gcumhdaítear leis an moladh, ag an gcéad chéim, cumarsáid 'simplí' amháin. |

Mír 9 ar an gClár Oibre – Cosaint dhlíthiúil ar ainm, giorrúchán, lógó agus saothair OTIF

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23119-JUR 5/9; LAW-23120-JUR 5/9 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú le beartas cóipchirt a fhorbairt agus treoir a thabhairt don Rúnaíocht beartas den sórt sin a ullmhú lena n-áirítear ceadúnú faoi shamhlacha ceadúnúcháin rochtana oscailte i gcás inarb iomchuí agus cearta úinéireachta, go háirithe cearta tríú páirtithe sna cineálacha éagsúla doiciméad arna bhfoilsiú ag OTIF, á gcur san áireamh; A chur in iúl gur cheart don Chomhthionól Ginearálta an lógó agus na treoirlínte maidir le húsáid ainm, lógó, bhratach agus giorrúchán na heagraíochta a fhormheas; Teacht ar chomhaontú maidir le treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF dréacht-treoirlínte a ullmhú maidir le húsáid ainm, giorrúchán agus lógó OTIF a bheidh le plé ag an gcéad seisiún eile den Choiste agus leanúint ar aghaidh le 'ainm, giorrúchán, suaitheantas nó armais' OTIF a chur in iúl do EDMI (An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil) i gcomhréir le hAirteagal 6ter de Choinbhinsiún Pháras chun Maoin Thionsclaíoch a Chosaint. |

Mír 10 ar an gClár Oibre - Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara cláraithe sa Choiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta

| | |
|---|---|
| *Doiciméid:* | LAW-23105-JUR 5/10 |
| *Inniúlacht:* | An tAontas (roinnte agus eisiach) |
| *Feidhmiú ceart vótála:* | An tAontas |
| *Seasamh:* | Tacú leis an togra ó Rúnaíocht OTIF chun a shoiléiriú, chun críche rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i ngníomhaíochtaí an Choiste, go gciallaíonn an téarma 'saineolaí' saineolaithe ina gcáil ghairmiúil neamhspleách agus saineolaithe mar ionadaithe ar dhaoine dlítheanacha atá gníomhach san earnáil iarnróid idirnáisiúnta, mar shampla, iompróirí agus bainisteoirí bonneagair; Tabhair do d'aire an cinneadh ó Bhiúró an Choiste nach mór don Bhiúró iarrataí ó shaineolaithe, ó lucht acadúil agus ó thaighdeoirí cur i láthair a dhéanamh ag seisiún den Choiste *ad hoc* a fhormheas roimh an seisiún ábhartha chun a áirithiú go ndéanfar an seisiún a bhainistiú go héifeachtúil. |